

Binse Fiosrúcháin Poiblí

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi na difríochtaí idir binse fiosrúcháin poiblí agus coimisiún fiosrúcháin. Féach ar an mír uair amháin agus pléigh na difríochtaí idir an dá chineál fiosrúcháin leis an duine in aice leat. Cén Béarla atá ar an dá théarma?

Ceist 2 An féidir leat féin agus an duine in aice leat Gaeilge a chur ar na focail agus na frásaí thíos? Bainigí úsáid as www.tearma.ie mura bhfuil sibh cinnte.

- *legislation*
- *a private process*
- *the main difference*
- *the chairperson's personality*
- *among the tribunals of inquiry*
- *planning matters*
- *payments*
- *more than*

Féachaigí ar an mír arís le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

Ceist 3 A. Anois, féach ar an tuairisc arís. Cad a bhí le rá ag na cainteoirí faoi na binsí fiosrúcháin poiblí seo a leanas?

Binse Fiosrúcháin na Mairteola

Binse Fiosrúcháin Mahon

Binse Fiosrúcháin Moriarty

Binse Fiosrúcháin McCracken

Ceist 4 ‘...a bhunú...’

Sin sampla den ainm briathartha. Cuirtear **-adh** nó **-eadh** le cuid de na briathra sa chéad réimniú agus cuirtear **-ú** nó **-iú** le cuid de na briathra sa dara réimniú. Is féidir ainm briathartha gach briathair a aimsiú ar www.tearma.ie nó ar www.teanglann.ie. Líon na bearnaí sna habairtí thíos.

1. Beidh sé an-deacair an cluiche _____ (buaigh) mar tá an fhoireann eile i bhfad níos fearr ná muid féin.
2. Is féidir na ceisteanna sin _____ (pléigh) in bhur mbeirteanna.
3. Eisean a thug cic don mhadra ach níor mhaith leis é sin _____ (admhaigh).
4. Nach féidir leat an ceol sin _____ (clois)? Tá sé go haoibhinn ar fad.

5. Ní raibh mé in ann m'obair bhaile _____ (déan) aréir, bhí sé chomh deacair sin.
6. Bhí a dhroim chomh pianmhar sin nach raibh sé ábalta iallacha a bhróige _____ (ceangal).
7. Bain úsáid as an téip tomhais chun an tábla _____ (tomhais).
8. Ní féidir aon ní _____ (abair) leis an duine sin nó tagann taom feirge air.
9. Cé go bhfuil ceol sa chlann, ní féidir le Máire aon uirlis _____ (seinn).
10. Tá sé ar intinn agam an leabhar sin _____ (ceannaigh).

Ceist 5 '...ab fhaide agus ba dhaoire...'

- A. Bain úsáid as na samplaí thuas agus as an dá shampla thíos chun sárchéim na haidiachta san aimsir chaite agus sa mhodh coinníollach a léiriú.

'ba fhliche' agus 'ab úsáidí'

- B. Scríobh na habairtí seo san aimsir chaite:
- Is í Máire an duine is foighní sa chlann.
 - Is é mo dheartháir Seán an duine is aibí sa chlann.
 - Is é sin an scannán is fearr liom.
 - Is í seo an aiste is deacra a scríobh mé riamh.
 - Is é Mike an duine is sotalaí a casadh orm riamh.

Ceist 6 Cuir na focail agus na frásaí thíos, a bhí le cloisteáil sa mhír, in abairtí lena mbrí a léiriú.

- mar gheall air sin
- cuir i gcrích
- i measc
- aird
- bain amach

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Plé atá i gceist leis an gceist seo.

Public tribunal of inquiry
Commission of investigation

Ceist 2

legislation – reachtaíocht
a private process – próiseas príobháideach
the main difference – an phríomhdhifríocht
the chairperson's personality – pearsantacht an chathaoirligh
among the tribunals of inquiry – i measc na mbinsí fiosrúcháin
planning matters – cúrsaí pleanála
payments – íocaíochtaí
more than – breis is

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

1. Beidh sé an-deacair an cluiche **a bhuchan** mar tá an fhoireann eile i bhfad níos fearr ná muid féin.
2. Is féidir na ceistanna sin **a phlé** in bhur mbeirteanna.
3. Eisean a thug cic don mhadra ach níor mhaith leis é sin **a admháil**.
4. Nach féidir leat an ceol sin **a chloisteáil**? Tá sé go haoibhinn ar fad.
5. Ní raibh mé in ann m'obair bhaile **a dhéanamh** aréir, bhí sé chomh deacair sin.
6. Bhí a dhroim chomh pianmhar sin nach raibh sé ábalta iallacha a bhróige **a cheangal**.
7. Bain úsáid as an téip tomhais chun an tábla **a thomhas**.
8. Ní féidir aon ní **a rá** leis an duine sin nó tagann taom feirge air.
9. Cé go bhfuil ceol sa chlann, ní féidir le Máire aon uirlis **a sheinm**.
10. Tá sé ar intinn agam an leabhar sin **a cheannach**.

Ceist 5

Baintear úsáid as an bhfoirm **is** chun sárchéim na haidiachta a chur in iúl san aimsir láithreach agus san aimsir fháistineach. Baintear úsáid as **is** san aimsir chaite agus sa mhodh coinníollach freisin, ach is fearr na foirmeacha seo thíos a úsáid sna haimsirí sin.

- A
- úsáidtear ab roimh ghuta: *ab úsáidí*
 - úsáidtear **ab** roimh **f** + guta: *ab fhaide*
 - úsáidtear **ba** roimh **f** + consan: *ba fhliche*
 - úsáidtear **ba** roimh chonsan: *ba dhaoire*
- B
- Ba í Máire an duine ab fhoighní sa chlann.
 - Ba é mo dheartháir Seán an duine ab aibí sa chlann.
 - Ba é sin an scannán ab fhearr liom.
 - Ba í seo an aiste ba dheacra a scríobh mé riamh.
 - Ba é Mike an duine ba shotalaí a casadh orm riamh.

Ceist 6

mar gheall air sin – *on that account*
cuir i gcrích – *put in order, settle, complete*
i measc – *among*
aird – *attention, notice*
bain amach – *achieve, gain*

Eimear Ní Chonaola

Anois, binse fiosrúcháin seachas coimisiún fiosrúcháin a chuirfear ar bun anois le cás an tSáirsint Maurice McCabe a fhiosrú. Le blianta fada, ba bhinsí fiosrúcháin a bhíodh ag fiosrú ceisteanna áirithe, ach bhí costas ard agus go leor ama i gceist leo. Mar gheall air sin, tugadh reachtaíocht isteach in 2004 le coimisiún fiosrúcháin a bhunú, próiseas atá níos sciobtha agus níos saoire. Próiseas poiblí atá i gceist le binse fiosrúcháin agus is próiseas príobháideach a bhíonn i gcoimisiún fiosrúcháin.

Caoimhe Ní Chonchoille

Fógraíodh coimisiún fiosrúcháin Charlton an tseachtain seo caite le cás an tSáirsint Maurice McCabe a fhiosrú. Ach thug seisean le fios nach leor coimisiún fiosrúcháin, gur theastaigh fiosrúchán poiblí uaidh. D'fhógair an Taoiseach inniu gur sin a bheas ann.

Dáithí Mac Cárthaigh, Abhcóide

An phríomhdhifríocht atá idir an dá chóras is ea go mbíonn an coimisiún ag suí go príobháideach den chuid is mó, agus go mbíonn an binse fiosrúcháin ag suí go poiblí den chuid is mó. An tslí go¹ bhfuil sé deartha, ní bhíonn an coimisiún chomh foirmeálta sin agus, dá bhrí sin, deirtear gur féidir leis a chuid oibre a chur i gcrích laistigh de thréimhse atá níos giorra. Maidir le binse fiosrúcháin, tá sé saghas oscailte, ach arís ar ais, braitheann an dá chóras ar phearsantacht an chathaoirligh.

Caoimhe Ní Chonchoille

I measc na mbinsí fiosrúcháin is mó a tharraing aird le blianta anuas, bhí binse fiosrúcháin na mairteola, a cuireadh ar bun i 1991 agus a chosain tuairim is €26m. Bhí binse fiosrúcháin Mahon, a cuireadh ar bun i 1997 le cúrsaí pleanála a fhiosrú agus a mhair cúig bliana déag, ar cheann de na cinn ab fhaide agus ba dhaoire. Tuairim is €160m a chosain sé. Cuireadh binse fiosrúcháin Moriarty ar bun an bhliain chéanna le híocaíochtaí le polaiteoirí a fhiosrú, agus chosain sin tuairim is €50m. I gcomparáid leo, sé mhí a thóg binse fiosrúcháin McCracken, a d'fhiosraigh íocaíochtaí le Charles Haughey agus Michael Lowry, agus costas de bhreis is €6m a bhí luaite leis.

Cé go mbíonn go leor costais agus ama i gceist le roinnt binsí fiosrúcháin, baineann siad conclúidí amach agus tugann siad eolas tábhachtach don phobal - eolas atá a dhíth go géar i gcás Maurice McCabe agus na líomhaintí bréagacha a cuireadh ina leith.

Caoimhe Ní Chonchoille, Nuacht TG4.

¹ a bhfuil an leagan caighdeánach